Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022**
**(OR. fr)**

**9594/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0163(NLE)**

**TRANS 330**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | ST 9130/22 |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 14ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród a mhéid a bhaineann leis na modhnuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta agus le modhnú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe, agus sa nós imeachta i scríbhinn de chuid Choiste Athbhreithnithe OTIF a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar Fhoscríbhinn G a ghabhann le COTIF<br>– Glacadh |

1. An 20 Bealtaine 2022, chuir an Coimisiún an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle. Baineann sé leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) faoi chuimsiú na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF), a bhfuil de chúram uirthi rialacha comhchoiteanna a bhunú maidir le hiompar idirnáisiúnta paisinéirí agus earraí d'iarnród idir a Ballstáit. D'aontaigh an tAontas do COTIF in 2011 de bhun Chinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011.

2. Baineann an togra le hobair Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF). Ag an 13ú seisiún a bhí ag an gCoiste sin i mí an Mheithimh 2021, d'aontaigh sé Airteagail 3a agus 15 de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear i dTrácht Idirnáisiúnta (ATMF – Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF) a leasú chun forbairtí i ndlí an Aontais Eorpaigh i dtaca le córas deimhniúcháin na n-eintiteas a bhfuil cothabháil faoina gcúram a chur san áireamh, agus chun an Tuarascáil Mhíniúcháin Chomhdhlúite a mhodhnú dá réir sin[1]. D'iarr sé, dá bhrí sin, ar an gCoiste Athbhreithnithe na hathruithe sin a dhéanamh; an vótáil a dhéanamh trí nós imeachta i scríbhinn tar éis an 14ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla.

3. Ag an 14ú seisiún a bheidh aige, iarrfar ar an gCoiste Saineolaithe Teicniúla leasú ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta a fhormheas, lena ndírítear ar ailíniú leis na forálacha atá i bhfeidhm san Aontas Eorpach, mar aon le hathbhreithniú cuimsitheach ar Iarscríbhinn B a ghabhann leis na Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF.

4. Tionólfar an 14ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla an 14 agus an 15 Meitheamh 2022 i mBeirn na hEilvéise.

5. Chuir an Coimisiún an dréachchinneadh uaidh faoi bhráid na Meithle um Iompar de Thalamh an 23 Bealtaine 2022. Mhínigh ionadaí an Choimisiúin go ndearnadh athbhreithniú ar na téacsanna a ullmhaíodh don Choiste Athbhreithnithe, ag an am céanna le formheas an dréachtchinnidh sa Choimisiún chun tuairim ó choiste eile laistigh de OTIF a chur san áireamh; bhíothas ag súil leis na hathruithe sin. Bhí doiciméad oibre ullmhaithe ag Ardrúnaíocht na Comhairle ina raibh dréacht-téacs nuashonraithe chun na forbairtí sin a léiriú[2].

6. Chuir roinnt de na toscaireachtaí forchoimeádais grinnscrúdaithe in iúl. D'iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí cur lena dtuairimí le barúlacha i scríbhinn faoin 30 Bealtaine 2022.

---

[1] Maidir le seasamh an Aontais Eorpaigh don chruinniú seo, féach IO L 204, 10.6.2021, lch. 39.

[2] WK 7327/22.

7. Ó tharla nár iarr aon cheann de na toscaireachtaí ar an Meitheal um Iompar de Thalamh teacht le chéile an athuair chun dréachtseasamh an Aontais Eorpaigh a phlé – arna oiriúnú leis an doiciméad oibre – is féidir a mheas anois go bhfuil an plé ar leibhéal na meithle dúnta.

8. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 9552/22[1] é, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air, a fhormheas, agus é a tharchur chuig an gComhairle lena ghlacadh.

9. A luaithe a ghlacfar an cinneadh, cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi.

---

[1] Scaipfear an doiciméad seo, i dteanga amháin ar dtús, faoin 7 Meitheamh 2022, ar a dhéanaí, agus i ngach teanga faoin 10 Meitheamh 2022.